2027.M120S1T

2027L571A1IS1

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta
Sampla 1

# Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Ardleibhéal

2 uair 30 nóiméad

300 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.  Is ceadmhach peann luaidhe nó pinn luaidhe dathadóireachta a úsáid sna graif agus sna léaráidí amháin.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo.  Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin.  Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora.  Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Roinn A** 60 marc

Tá ceist amháin sa roinn seo, freagair **gach** cuid den cheist seo.

**Roinn B** 160 marc

Freagair **ceithre** cheist ar bith sa roinn seo.  Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn C** 80 marc

Freagair ceist **amháin** sa roinn seo.  Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Roinn A 60 marc


Freagair **gach** cuid den cheist seo.

**Ceist 1** **(60 marc)**

**(a)** Ainmnigh **trí** shampla d'fhuinneamh in-athnuaite.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

**(b)** Scrúdaigh **Fíor 1** thíos ina dtaispeántar cineál amháin de cheapadh carbóin agus freagair na ceisteanna a leanas.




**Fíor 1**

**(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart le cur in iúl an é ceapadh carbóin bitheolaíoch nó geolaíoch atá á léiriú i **bhFíor 1**.


Bitheolaíoch ☐

Geolaíoch ☐

**(ii)** Tabhair sampla **amháin** de shuíomh ina n-úsáidtear an modh ceaptha carbóin seo.

| |
|---|
| |

**(c)** Taispeántar i **bhFíor 2** coincheap na heacnamaíochta taoschnónna. Déan staidéar ar **Fhíor 2** agus freagair na ceisteanna a leanas.




**Fíor 2**

**(i)** Cén coincheap, a bhaineann le teorainneacha leis an domhan fisiceach, ar a bhfuil eacnamaíocht taoschnónna bunaithe?

| |
|---|
| |

**(ii)** Luaigh gné dhearfach **amháin agus** gné dhiúltach **amháin** a bhaineann le heacnamaíocht taoschnónna mar chur chuige i leith na forbartha inbhuanaithe.

| |
|---|
| Gné dhearfach: |
| |
| Gné dhiúltach: |
| |

**(d)** Meaitseáil gach ceann de na téarmaí thíos leis an gcur síos is fearr a mheaitseálann é sa tábla. Tá ceann amháin déanta duit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| ~~Baghcat~~ | Stocaireacht | Easumhlaíocht shibhialta | Eagrú ceardchumann |

| Cur síos | Téarma |
|---|---|
| Cineál abhcóideachta a bhfuil sé mar aidhm léi tionchar díreach a imirt ar ghníomhartha an rialtais. | |
| Ionadaíocht agus cosaint a dhéanamh ar chearta na n-oibrithe. | |
| Diúltú comhoibriú nó rannpháirtíocht a dhéanamh le tír, eagraíocht, nó duine. | **Baghcat** |
| Saoránach ag diúltú, mar mhodh agóidíochta, dlíthe áirithe a choinneáil. | |


**(e)** Cén **dá** cheann de na tosca seo a leanas ar tosca nádúrtha iad a bhfuil tionchar acu ar aeráid an Domhain ó cruthaíodh é?
Cuir tic (✓) sa **dá** bhosca atá ceart.

- Athruithe malla i bhfithis an Domhain ☐
- Athrú ar thalamhúsáid ☐
- Dó breoslaí iontaise ☐
- Gníomhaíocht bholcánach ☐

**(f)** Tá leathadh speiceas ionrach ar cheann de na tosca atá taobh thiar den chaillteanas bithéagsúlachta domhanda.
Ainmnigh sampla **amháin** de speiceas ionrach in Éirinn **agus** luaigh an chaoi a bhfuil sé ina chúis le caillteanas bithéagsúlachta in éiceachóras.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(g)** Scrúdaigh **Fíor 3** thíos ina léirítear suíomhanna éagsúla atá gar do phointe claochlaithe i roinnt de chórais an Domhain agus freagair na ceisteanna a leanas.





**Fíor 3**

**(i)** Ainmnigh sampla **amháin** ón gcrióisféar atá gar dá phointe claochlaithe.

**(ii)** Luaigh tionchar **amháin** ar an mbithsféar de thoradh áiteanna amhail sceireacha coiréil nó foraoisí trópaiceacha báistí an pointe claochlaithe acu a shroicheadh nó a shárú.

**(h)** Déan staidéar ar **Fhíor 4** thíos ina dtaispeántar eolas faoin meánathrú ar leibhéal na farraige idir 2004 agus 2023, agus freagair na ceisteanna a leanas.




**Fíor 4**

**(i)** Cén bhliain inar ardaigh an t-athrú bliantúil ar leibhéal na farraige os cionn 80mm den chéad uair?

**(ii)** Idir 2004 agus 2023, cé mhéad uair a chuaigh an t-athrú bliain ar bhliain ar leibhéal na farraige in aghaidh na treochta ginearálta?

**(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart le cur in iúl cé acu mífhaisnéis nó bréagaisnéis atá i ngach ceann de na samplaí seo a leanas.

| Samplaí | Mífhaisnéis | Bréagaisnéis |
|---|---|---|
| Tuairiscítear gur léirshamhlaigh agus gur thuar comhlachtaí breosla iontaise an téamh domhanda 'le scil agus cruinneas scáfar' ag tosú amach sna 1970idí agus gur choinnigh siad an t-eolas acu féin agus gur chuir siad an dallamullóg ar an bpobal d'aon ghnó maidir leis na tionchair a bhaineann le breoslaí iontaise a dhó. | | |
| Tugann institiúidí airgeadais airgead ar iasacht do chomhlachtaí breoslaí iontaise agus do chomhlachtaí a bhíonn páirteach i ndífhoraoisiú ach deir siad go bhfuil siad ag dul i ngleic leis an athrú aeráide trí dheiseanna ar 'infheistíocht ghlas' a chur ar fáil. | | |
| Tá tuairimí á scaipeadh ar na meáin shóisialta ina ndeirtear gur ceist don todhchaí é an t-athrú aeráide agus nach bhfuil na tionchair le brath faoi láthair. | | |

**(j)** **(i)** Ainmnigh pobal nuálach **amháin** in Éirinn a ndearna tú iniúchadh air inar oibrigh an pobal le chéile chun dul in oiriúint d'éifeachtaí an athraithe aeráide.

**(ii)** Luaigh tionchar **amháin** de chuid an athraithe aeráide a bhfuil an pobal nuálach a luaigh tú i gcuid **(i)** ag dul in oiriúint dó.

## Roinn B — 160 marc

Freagair **ceithre** cheist ar bith sa roinn seo. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

**Ceist 2** **(40 marc)**

**(a)** Tarraing léaráid lipéadaithe chun an chaoi a n-oibríonn an timthriall carbóin a léiriú. Ar do léaráid, cuir an lipéad ceart ar gach ceann acu seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ag dó breoslaí iontaise | Riospráid | Fótaisintéis | Orgánaigh mharbha |

Spás le haghaidh léaráid lipéadaithe:

**(b)** Liostaigh **dhá** ghníomh chun éiceachóras áitiúil a chosaint nó a fheabhsú a bhfuil staidéar déanta agat orthu, **agus** i gcás gach gnímh, luaigh an fhadhb lena bhfuil sé ag dul i ngleic.

| Éiceachóras a ndearnadh staidéar air: | |
|---|---|
| 1. | |
| | |
| | |
| 2. | |
| | |
| | |

**(c)** Déan cur síos ar **cheann amháin** ar bith de chórais an Domhain liostaithe thíos.

| **Córais an Domhain** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Bithsféar | Crióisféar | Hidrisféar | Geoisféar | Atmaisféar |

| Córas roghnaithe: |
|---|
| Cur síos: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Bain úsáid as fianaise stairiúil le léiriú go bhfuil téamh domhanda atá spreagtha ag an duine ag tarlú.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3** **(40 marc)**

**(a)** Luaigh cad is brí leis an téarma *eastóscachas.*

**(b)** Déan cur síos ar shampla **amháin** de chiníochas timpeallachta a ndearna tú staidéar air.

**(c)** Mínigh **dhá** argóint ar son chearta an nádúir.



**(d)** Bíonn tionchar ag córais luachanna ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí ar an-chuid bealaí agus féadann athrú teacht ar na luachanna sin le himeacht ama.

Déan plé, agus sampla á úsáid agat de ghrúpa a ndearna tú staidéar orthu, ar conas is féidir le luachanna daoine maidir leis an nádúr athrú le himeacht ama.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4** **(40 marc)**



**(a)** Déan cur síos achomair ar bhealach **amháin** ar chinntigh tú nach raibh aon bhacainní roimh rannpháirtíocht in idirphlé a d'éascaigh tú maidir le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe.

**(b)** Ainmnigh sampla **amháin** de gach ceann de na cineálacha meán a liostaítear sa tábla thíos.

| |
|---|
| **(i)** Na meáin chraolta: |
| **(ii)** Na meáin chlóite: |
| **(iii)** Na meáin shóisialta: |

**(c)** Maidir le saincheist ceartais aeráide a ndearna tú staidéar uirthi, freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

**(i)** Ainmnigh an tsaincheist a ndearna tú staidéar uirthi a bhaineann leis an gceartas aeráide.




**(ii)** Ainmnigh soláthraí **amháin** de chuid na meán a rinne tuairisciú ar an gceist sin **agus** scrúdaigh an chaoi a raibh an tuairisciú faoi thionchar ag cruinneshamhail an tsoláthraí.

**(d)** Cuir i gcás go bhfuil feachtas eolais phoiblí á dhearadh agat chun feasacht a ardú maidir leis an bpráinn atá le gníomhú ar son na haeráide.

Roghnaigh **dhá** chúis a bhfuil gá go práinneach le gníomhú ar son na haeráide **agus** cosain an fáth ar cheart iad sin in iúl mar chuid den fheachtas.

**Ceist 5** **(40 marc)**

**(a)** Déan staidéar ar **Fhíor 5** thíos ina bhfuil eolas faoi shuirbhé a rinneadh le pobal na hÉireann faoina gcuid tuairimí agus dearcthaí ar an athrú aeráide, agus freagair na ceisteanna a leanas.




Fíor 5

**(i)** Deirtear i **bhFíor 5** go bhfuil muinín ag 94% díobh siúd a d'fhreagair an suirbhé as eolaithe mar fhoinse faisnéise maidir leis an athrú aeráide. Luaigh fáth **amháin** a meastar gur foinse iontaofa iad eolaithe.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** An dtugtar le fios sna staitisticí i **bhFíor 5** go bhfuil an mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis faoin athrú aeráide i ndiaidh tionchar a imirt ar chreideamh phobal na hÉireann san athrú aeráide? Mínigh do fhreagra.

**(iii)** An bealach éifeachtach iad grafaicí eolais chun torthaí taighde a chur in iúl? Mínigh do fhreagra.

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** bhealach a bhfuil athrú aeráide ag cur le caillteanas bithéagsúlachta.

**(c)** Tá gealltanais idirnáisiúnta tugtha ag Éirinn do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (*UNFCCC* sa Bhéarla) agus do Chomhdháil na bPáirtithe (COP).

Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuil gealltanais idirnáisiúnta a aontaíodh ag COP amháin ar son an athraithe aeráide i ndiaidh tionchar a imirt ar bheartas náisiúnta ar leith in Éirinn.

| |
|---|
| Ainm an bheartais: |
| Cur síos ar an tionchar: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** **(i)** Ainmnigh agus déan cur síos ar bheartas **amháin** a tugadh isteach in Éirinn a bhfuil sé mar aidhm leis tionchar dearfach a imirt ar an gcomhshaol.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** An gceapann tú gur cuireadh an beartas sin i bhfeidhm go maith? Mínigh do fhreagra.

**Ceist 6** **(40 marc)**




**(a)** Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *caillteanas agus damáiste aeráide*.

**(b)** Maidir le sampla **amháin** de straitéis maolaithe aeráide a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh mar a théann an straitéis sin i ngleic leis an gcúis / na cúiseanna atá leis an athrú aeráide.
I do fhreagra, luaigh an suíomh inar cuireadh an straitéis i bhfeidhm.

**(c)** Déan scrúdú ar conas is féidir ceartas aeráide a chur chun cinn trí straitéis a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.

**(d)** **(i)** Ainmnigh cur chuige dúlrabhunaithe **amháin** maidir le dícharbónú.

**(ii)** Déan cur síos achomair ar an gcur chuige sin **agus** mínigh conas a bhaintear dícharbónú amach leis.

## Roinn C 80 marc

Ní mór aiste a scríobh mar fhreagra ar na ceisteanna sa roinn seo.

Freagair ceist **amháin** sa roinn seo. Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

**Ceist 7** **(80 marc)**



Déan plé ar an ngá atá le haistriú cóir i gcás iompair in Éirinn.

Bíodh an méid seo a leanas sa phlé agat:

- a bhrí atá le haistriú cóir
- fáthanna a bhfuil gá le hathrú san earnáil iompair chun spriocanna aeráide a bhaint amach
- Conas an t-aistriú san earnáil iompair a dhéanamh *cóir*.

**Nó**

**Ceist 8** **(80 marc)**



Ba cheart ceartas aeráide ar son an duine agus an nádúir a chur chun cinn sa ghníomhú ar son na haeráide.
Déan plé air sin.

Bíodh an méid seo a leanas sa phlé agat:

- an tuiscint atá agat ar cheartas aeráide
- an chaoi a bhfuil éiceachórais shláintiúla agus fíorú chearta an duine idirspleách le chéile
- samplaí de ghníomhartha is féidir a dhéanamh chun dul i ngleic le bunchúiseanna na héagóra aeráide.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí le cur in iúl cén cheist ó **Roinn C** atá á freagairt agat.

**Ceist 7** ☐ **Ceist 8** ☐

Bain úsáid as an spás seo le haghaidh pleanála/obair gharbh.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí le cur in iúl cén cheist ó **Roinn C** atá á freagairt agat.

**Ceist 7** ☐ **Ceist 8** ☐

Spás breise le haghaidh freagraí.

Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

## Admhálacha

**Íomhánna**

An íomhá ar leathanach 3: https://www.researchgate.net/figure/Schematic-view-of-geological-storage_fig1_251711772

An íomhá ar leathanach 4: https://www.weforum.org/agenda/2017/04/the-new-economic-model-that-could-end-inequality-doughnut/

An íomhá ar leathanach 6: https://files.worldwildlife.org/wwfcmsprod/files/Publication/file/5gc2qerb1v_2024_living_planet_report_a_system_in_peril.pdf

An íomhá ar leathanach 11: https://360info.org/rights-of-nature/

Na híomhánna ar leathanach 13: https://www.linkedin.com/pulse/barriers-effective-feedback-ambassador-paul-gitau/; https://daily.kellogg.edu/2019/08/06/fun-interesting-transferable-take-jour-111-mass-media-environment-this-fall-at-kcc/

An íomhá ar leathanach 15: https://www.epa.ie/news-releases/news-releases-2021/major-new-study-shows-overwhelming-agreement-among-irish-public-on-the-threat-of-climate-change-and-the-desire-for-action.php

An íomhá ar leathanach 19: https://www.greenpeace.org/international/story/58334/climate-justice-and-social-justice-two-sides-of-the-same-coin/

Na híomhánna ar leathanach 21: https://www.neste.com/news-and-insights/sustainability/just-transition; https://www.youth.ie/whatisclimatejustice/

**Téacsanna**

Na sonraí ar leathanach 7: https://www.statista.com/statistics/603821/global-cumulative-sea-level-rise/

An sampla ar leathanach 8: https://news.harvard.edu/gazette/story/2023/01/harvard-led-analysis-finds-exxonmobil-internal-research-accurately-predicted-climate-change/

D’fhéadfadh sé gur athchóiríodh ábhar, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré.

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Sampla 1

2 uair 30 nóiméad